An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta Próiseas Mheasta Dócmhainneach

Treoir céim ar chéim d'fhostóirí

08.06.2026

Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta - Treoir céim ar chéim d'fhostóirí maidir le Próiseas Mheasta Dócmhainneach

Is treoir céim ar chéim í seo chun cabhrú leat ciall a bhaint as an bPróiseas Mheasta Dócmhainneach(PMD). Is ceart duit í seo a léamh go cúramach chun cabhrú leat úsáid a bhaint as an bpróiseas.

Sula dtosaíonn tú, bí cinnte go bhfuil tú incháilithe chun úsáid a bhaint as an bPróiseas Mheasta Dócmhainneach.

Is féidir leat cúnamh a iarraidh ar d'ionadaí, ar do cheardchumann nó ar dhuine muinteartha a bhfuil iontaoibh agat as/aisti leis an bpróiseas sin a chur i gcrích.

Clár na nÁbhar

Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta - Treoir céim ar chéim d'fhostóirí maidir le Próiseas Mheasta Dócmhainneach 2
Céim 1: Íocaíocht a iarraidh ar d'iarfhostóir 4
Céim 2: Ullmhaigh d'iarratas ar an Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta 5
Céim 3: Tabhair d'iarratas ar an Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta chun críche 6
Céim 4: Cuir d'iarratas isteach chuig an Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta 6
Céim 5: Seiceálacha cáilitheachta ar d'éileamh 7
Céim 6: Cuireann an Roinn d'iarfhostóir ar an eolas 8
Céim 7: Déanann an Roinn d'éileamh a phróiseáil 9
Aguisín 1: Measúnú ar Éilimh an Phróisis Mheasta Dócmhainneach 10

Céim 1: Íocaíocht a iarraidh ar d'iarfhostóir

Maireann an chéim sin ar feadh 8 seachtain ar íosmhéid.

Chun an chéim sin a chur i gcrích, is é a bheidh ag teastáil uait ná:

- Cóip den fhoirm IP4.: "Rochtain ar Fhoirm IP4";
- Sonraí d'iarfhostóra (ainm, seoladh agus Uimhir ÍMAT cláraithe (oifigiúil));
- Sonraí airgid ar bith atá agat ar d'iarfhostóra.

Cóip den Fhoirm IP4 a íoslódáil. "Rochtain ar Fhoirm IP4"

Déan gach cuid a chomhlánú.

Tabhair faoi deara: Bí cinnte go bhfuil an t-airgead go léir a bhfuil tú ag éileamh ina leith curtha san áireamh ar an bhfoirm. Ní féidir éileamh a dhéanamh ar aon airgead nach bhfuil san áireamh ar Fhoirm IP4 faoin Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta mura n-íocann d'iarfhostóir.

Sínigh agus dátaigh Foirm IP4.

Sula gcuirfidh tú í chuig d'iarfhostóir, déan dhá chóip d'Fhoirm IP4 shínithe agus dhátaithe. **Beidh sé sin ag teastáil uait chun chur isteach ar an Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta.**

Cuir an bunfhógra chuig seoladh cláraithe d'iarfhostóra (ar fáil ar www.cro.ie). Ní gá duit post cláraithe a úsáid. Is féidir leat gnáthphost réamhíoctha a úsáid, ach **ní mór** duit cruthúnas ar phostas a fháil ag cuntar oifig an phoist.

Coimeád cruthúnas ar phostas ó oifig an phoist. **Beidh sé sin ag teastáil uait chun chur isteach ar an Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta.**

Mura mbeidh íocaíocht faighte agat ó d'iarfhostóir tar éis 8 seachtaine, is féidir leat bogadh ar aghaidh chuig Céim 2.

Céim 2: Ullmhaigh d'iarratas ar an Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta

Chun an chéim sin a chur i gcrích, is é a bheidh ag teastáil uait ná:

- Cóip den fhoirm IP5.: "Rochtain ar Fhoirm IP5";
- Cóip den Fhoirm IP4 chomhlánaithe a chuir tú chuig d'iarfhostóir;
- Cóip de do chruthúnas ar phostas;

Bí cinnte go bhfuil 8 seachtain ar a laghad caite ó chuir tú Foirm IP4 chuig d'iarfhostóir.

Chun cur isteach uirthi, beidh ort a bheith ar an eolas más trádálaí aonair, comhpháirtíocht nó cuideachta ab ea é d'iarfhostóir. Bí ar an eolas maidir le cineálacha éagsúla cuideachtaí ar Revenue.ie. Féadfar go mbeidh ort súil a chaitheamh ar do chonradh fostaíochta nó ar do dhuillín pá.

Más cuideachta í d'fhostóir, féadfar go mbeidh An Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC) in ann cabhrú leat le sonraí dlíthiúla cláraithe na cuideachta, amhail ainm dlíthiúil na cuideachta, a dhearbhú.

Cóip den fhoirm IP5 a íoslódáil : "Rochtain ar Fhoirm IP5"

Is féidir leat an fhoirm sin a úsáid chun iarratas a chur faoi bhráid na Roinne Coimirce Sóisialaí chun:

- A a mheas go bhfuil d'iarfhostóir dócmhainneach, agus
- Chun a iarraidh go n-íocfar airgead atá agat ar d'iarfhostóir faoin Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta.

Comhlánaigh Cuid 1 – 9 den Fhoirm. **Tabhair faoi deara: ná comhlánaigh Cuid 10 go fóill.**

Is féidir leat an fhoirm sin a úsáid chun éileamh a dhéanamh ar airgead atá agat ar d'iarfhostóir, lena n-áirítear:

- Riaráistí pá
- Pá saoire nár íocadh
- Pá fógra íosta nár íocadh
- Pá breoiteachta conarthaí nár íocadh
- Cuid de dhámhachtainí nár íocadh arna mbronnadh ag an gCoimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó ag an gCúirt Oibreachais.

Céim 3: Tabhair d'iarratas ar an Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta chun críche

Chun d'iarratas a thabhairt chun críche, beidh ort dearbhú reachtúil a chomhlánú.

Déan teagmháil le Coimisinéir Síochána nó le Coimisinéir Mionn chun coinne a shocrú.

Tabhair faoi deara: Cuireann Coimisinéirí Síochána a seirbhísí ar fáil saor in aisce. Is féidir le Coimisinéirí Mionna táille a ghearradh ar a seirbhís.

Nuair a bheidh tú leis an gCoimisinéir Síochána nó leis an gCoimisinéir Mionna, comhlánaigh Cuid 10 den Fhoirm. Síneoidh an Coimisinéir Síochána nó an Coimisinéir Mionna an fhoirm freisin; chun a léiriú go raibh siad mar fhinné air sin.

A luaithe a bheidh sí comhlánaithe agus sínithe, ba cheart duit cóip a dhéanamh den **fhoirm IP5** sin le cur le do thaifid.

Céim 4: Cuir d'iarratas isteach chuig an Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta

Tá na doiciméid seo a leanas ag teastáil ó d'iarratas:

- Cóip den Fhoirm IP4 a chuir tú chuig d'iarfhostóir.
- Cruthúnas ar phostas na Foirme IP4 chuig d'iarfhostóir.
- Foirm IP5 chomhlánaithe. Ní mór duit cuid 10 a shíniú agus do Choimisinéir Síochána nó do Choimisinéir Mionna a bheith mar fhinné uirthi le bheith bailí.

Cuir d'iarratas comhlánaithe chuig:

An Rannóg Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta, Roinn Coimirce Sóisialaí, Urlár na Talún, Teach Gandon, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, D01 A361

Céim 5: Seiceálacha cáilitheachta ar d'éileamh

Déanfaidh an Roinn Coimirce Sóisialaí bunseiceáil cháilitheachta ar d'iarratas chun a chinntiú go bhfuil tú incháilithe. Cuimseoidh sé seo:

- a chinntiú nach bhfuil d'fhostóir dócmhainneach ó thaobh an dlí de cheana féin.
- a chinntiú go bhfuil tú i bhfostaíocht inárachais (i gcoitinne, is í is brí leis sin ná ÁSPC Aicme A a íoc).
- a chinntiú gur sholáthraigh tú cóip den Fhoirm IP4 agus cruthúnas ar phostas in éineacht le d'Fhoirm IP5 a raibh finné uirthi.

Má chomhlíonann d'éileamh na seiceálacha sin go léir, bogfaidh an Roinn ar aghaidh chuig Céim 6.

Mura gcomhlíonann d'éileamh na seiceálacha sin go léir, scríobhfaidh an Roinn chugat chun thú a chur ar an eolas nach bhfuil tú incháilithe agus maidir le céad chéimeanna eile.

Céim 6: Cuireann an Roinn d'iarfhostóir ar an eolas

Maireann an chéim sin ar feadh 4 seachtaine ar íosmhéid.

Scríobhfaidh an Roinn chuig d'iarfhostóir laistigh de 3 sheachtain ó d'iarratas IP5 a fháil chun iad a chur ar an eolas maidir le d'éileamh.

Beidh 4 sheachtain ag d'iarfhostóir chun freagairt a thabhairt don Roinn i ndáil le d'éileamh.

Tá sé de cheart ag d'iarfhostóir freisin cóip de d'iarratas a iarraidh ón Roinn. Má iarrann siad, stopfar an spriocdháta 4 seachtaine go dtí go bhfaighidh siad an fhaisnéis sin.

Nóta tábhachtach: ceart an fhostóra chun éilimh a cheistiú

Ní féidir ach airgead atá le híoc a chumhdach leis an Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta. Má chreideann d'iarfhostóir nach bhfuil airgead agat orthu, beidh ort gearán a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.

Is é ról an CCÁO ná cinntí a dhéanamh maidir le haighnis fhostaíochta. Má easaontóidh d'iarfhostóir le d'éileamh ar fad nó le cuid de, ní dhéanfar é a mheasúnú faoin Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta.

Má chreideann tú go bhféadfaidh d'iarfhostóir d'éileamh a cheistiú, féadfar go dteastódh uait gearán a dhéanamh chuig an CCÁO sula dtabharfaidh tú faoin bpróiseas sin. I gcoitinne, ní mór gearáin a dhéanamh chuig an CCÁO laistigh de 6 mhí an tsáraithe atá á líomhain. Is féidir síneadh ama de suas le 12 mhí a chur leis sin más féidir leat údar réasúnta a léiriú.

Ní féidir le d'iarfhostóir easaontú le haon mhéid a bhaineann le dámhachtain an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre nó na Cúirte Oibreachais.

Céim 7: Déanann an Roinn d’éileamh a phróiseáil

Má bhíonn gá le haon fhaisnéise sa bhreis uait maidir le d’éileamh, beidh an Roinn i dteagmháil leat.

Déanfaidh an Roinn d’éileamh a scrúdú chun a chinntiú más ceart go measfar d’iarfhostóir mar dhócmhainneach.

Má mheasfar d’fhostóir a bheith dócmhainneach, déanfar d’éileamh pá a phróiseáil faoi rialacha na Scéime Íocaíochtaí Dócmhainneachta. Rochtain ar rialacha na Scéime Íocaíochtaí Dócmhainneachta.

A luaithe a bheidh d’éileamh próiseáilte ag an Roinn, eiseofar litir chinnidh chugat.

Aguisín 1: Measúnú ar Éilimh an Phróisis Mheasta Dócmhainneach

Mínítear leis sin cinnteoireacht na Roinne maidir le hiarratais an Phróisis Mheasta Dócmhainneach.

Is féidir le fostaí iarratas a dhéanamh chun íocaíocht a iarraidh faoin Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta má tá airgead acu ar a n-iarfhostóir agus má chreideann siad gur éirigh an fostóir as trádáil gan dul faoi leachtú / ghlacadóireacht / fhéimheacht.

Cén tástáil a úsáidtear chun fostóir a mheas mar dhócmhainneach?

Den chuid is mó, ní mór don fhostóir a bheith éirithe as trádáil chun é a mheas mar dhócmhainneach .

Más trádálaí aonair é an fostóir, ní mór dó a bheith éirithe as gníomhú mar fhostóir do dhuine ar bith.

Cén fhaisnéis a úsáideann an Roinn chun cinntí a dhéanamh?

Sula ndéanann an Roinn cinneadh maidir le héileamh, déanfaidh sí a mheas

- Aon fhaisnéis arna soláthar ag an bhfostaí mar chuid dá éileamh;
- Aon fhaisnéis arna soláthar ag an bhfostóir mar fhreagairt ar an éileamh;
- Faisnéis i seilbh an Stáit maidir leis an bhfostóir (Revenue / CCÁO).

Má léirítear leis an bhfaisnéis gur comhlíonadh na critéir ábhartha, meastar an fostóir a bheith dócmhainneach chun críche d'éilimh amháin.

Má léirítear leis an bhfaisnéis nár comhlíonadh na critéir ábhartha, ní mheastar an fostóir a bheith dócmhainneach.

Cad iad na himpleachtaí a bhaineann le fostóir a mheastar a bheith dócmhainneach?

Má mheastar fostóir a bheith dócmhainneach, is í is brí leis sin ná gur féidir éileamh an fhostaithe faoin Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta a mheas.

Meastar fostóir a bheith dócmhainneach chun críche an éilimh sin amháin. Má tá breis agus fostaí amháin i gceist, beidh ar gach fostaí a n-éileamh féin a chur isteach ar an bPróiseas Mheasta Dócmhainneach.

Ní hionann cinneadh dócmhainneachta measta agus a rá go bhfuil an fostóir dócmhainneach faoi Acht na gCuideachtaí 2014, faoin Acht Féimheachta 1988, faoin Acht um Dhócmhainneacht Phearsanta 2012, nó chun críche ar bith eile.